



Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn

TUARASCÁIL
GHNÍOMHAÍCHTA

20
23





Teachtaireacht ó Cheann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh

Barbara Nolan
Ceann Ionadaíochta

Tá áthas orm Tuarascáil Ghníomhaíochta 2023 ó Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn a thíolacadh.

Ba bhliain shuntasach í 2023 d'Éirinn san Aontas Eorpach. Comóradh 50 bliain a bhí inti ó aontachas na hÉireann leis an gComhphobal Eacnamaíochta Eorpach, mar a bhí, in 1973. Rinneadh an dáta stairiúil sin a cheiliúradh i sraith imeachtaí le linn na bliana agus an Ionadaíocht á n-eagrú nó ag glacadh páirt iontu. Ba é an buaicphointe ceolchoirm cheiliúrtha sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath an 9 Bealtaine, Lá na hEorpa, agus Naou Siansa Beethoven, amhrán oifigiúil an Aontais Eorpaigh, seinnte ann le teann fuinnimh.

Bliain thábhachtach a bhí inti freisin don chomhionannas inscne in Éirinn, agus roimh Lá Idimáisiúnta na mBan i mí an Mhárta, d'óstáil an Ionadaíocht plé painéil ar an gcaoi ar chuir an tAontas an comhionannas inscne chun cinn, plé inar scrúdaíodh moltaí Thionól na Saoránach um Chomhionannas Inscne.


I 2023, tháinig an cogadh foghach gan údar atá an Rúis a chur ar an Úcráin isteach ina dara bliain. Lean an Ionadaíocht de thacaíocht gan staonadh an Aontais don Úcráin a athdhearbhú, mar aon lena thiomantas don tsíocháin, don tsaoirse agus don daonlathas. I mí an Mheithimh, baineadh céim mhór amach le cinneadh na Comhairle Eorpaí tús a chur le caibidlíochtaí aontachais leis an Úcráin (agus le Poblacht na Moldóive). I mí na Samhna, bhí áthas ar an Ionadaíocht plé painéil a óstáil ar an gcleachtas is fearr chun dul i ngleic le bréagaisnéis na Rúise, i gcomhar le hambaasáidí na hÚcráine agus na Stát Aontaithe agus le Ukrainian Action in Ireland (Gníomhaíocht Úcránach in Éirinn).

Bhí áthas orm freisin cuireadh a fháil ó Choiste an Oireachtais um Ghnóthaí AE i mí Dheireadh Fómhair buaicphointí óráid an Uachtaráin von der Leyen ar Staid an Aontais 2023 a phlé chomh maith le clár oibre an Choimisiúin.

I mbliain ina raibh go leor dúshlán tábhachtach polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta, leanamar d'idirphlé a éascú idir an Coimisiún, an rialtas agus geallsealbhoirí agus sinn ag óstáil cuairteanna ó Choimisinéirí agus ionadaithe ardchéime ón gCoimisiún agus ó institiúidí eile an Aontais.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na rannpháirtithe go léir inár n-iliomad imeachtaí, leis na heagraithe, na heagraíochtaí neamhrialtasacha, na comhlachtaí ionadaíochta, na scoileanna agus leo siúd ar fad a chuidigh lenár ngníomhaíochtaí i rith na bliana. Gabhaimid buíochas ar leith le Mairead McGuinness, an Coimisinéir Eorpach um sheirbhísí airgeadais, cobhsaíocht airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil, a thacaigh go gníomhach le hobair na hIonadaíochta agus a chuir lena tionchar. Tá súil agam go gcuirfidh tú spéis san eolas atá sa bhróisiúr seo maidir lenár bpríomhghníomhaíochtaí in 2023.

Bain taitneamh as!



COISTE OIREACHTAIS

Chuir Barbara Nolan Clár Oibre 2024 an Choimisiúin Eorpaigh i láthair an Choiste Oireachtais um Ghnóthaí AE an 25 Deireadh Fómhair.



TIONSCADAL AN CHRÓCH

An 17 Deireadh Fómhair, bhí Barbara Nolan i gcuideachta Holocaust Education Ireland chun a Thionscadal Cróch 2023 a sheoladh, tionscadal ina gcuireann leanaí scoile cróch buí i gcuimhne ar na leanaí go léir a fuair bás san Uileiloscadh.



Réamhfhocal ón gCoimisinéir Eorpach um sheirbhísí airgeadais, cobhsaíocht airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

Mairead McGuinness
Coimisinéir Eorpach

Bliain thar a bheith gnóthach agus táirgiúil a bhí in 2023 don Ionadaíocht. Tréasláim libh raon na rannpháirtíochta le grúpaí, idir bheag agus mhór, agus le himeachtaí - idir dhíospóireachtaí scoile, phlé le hiriseoirí, agus an seastán bliantúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Tá an fhor-rochtain seo ar fad riachtanach d'obair an Choimisiúin. Deiseanna don Bhrúiséal agus d'Éirinn araon atá san idirghabháil seo.


Le linn 2023, rinneamar ceiliúradh ar 50 bliain na hÉireann san Aontas. Deis a bhí ann machnamh a dhéanamh ar an méid athraithe atá tagtha ar Éirinn ó 1973, cuid de mar thoradh ar a ballraíocht san Aontas - ach freisin ar a bhfuil déanta ag Éirinn, agus a bhfuil á dhéanamh aici fós, don Aontas Eorpach. Rinneamar comóradh freisin ar 25 bliain ó shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta, ag cuimhneamh dúinn ar luach na síochána ar oileán na hÉireann, agus ar an gcaoi ar féidir leis an Aontas leanúint dá thacaíocht leis an tsíocháin sin.

Bhí seasamh domhanda an Aontais dúshlánach in 2023 agus tá go fóill. Mar gheall ar an suaitheadh geopholaitiúil agus ar an éiginnteacht eacnamaíoch atá ann, tá ceist an iomaíochais tagtha chun tosaigh, agus tá sé rithábhachtach go gcuirfeadh an margadh aonair i gcrích ina iomláine ionas gur féidir le gnólachtaí Eorpacha leanúint den fhás agus den rathúnas. Is tosaíocht fós iad an inbhuanaitheacht agus baint amach spriocanna ár gComhaontais Ghlais, ach ní mór dúinn a chinntiú go dtabharfaidh muid an pobal linn. Eiseamláir maidir leis sin is ea é an t-idirphlé ar thodhchaí na talmhaíochta: táthar ag léiriú d'fheirmeoirí gur mór againn a gcuid oibre, go bhfuil meas againn ar a ról sa tslándáil bhia, agus gur mian linn a chinntiú gur cuid lármach iad de gheilleagar agus de shochaí atá cóir inbhuanaithe.

Chuir an Coimisiún Eorpach tionscnaimh chun cinn chun tacú le ceart na saoránach rochtain a bheith acu ar an airgead tirim agus lena gceart chun an t-airgead tirim a úsáid agus iad ag siopadóireacht, agus chun an euro, ár n-airgeadra, a dhaingniú don todhchaí le euro digiteach. Agus i réimse na hintleachta saorga (IS), réimse atá ag teacht chun cinn, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta lena chinntiú go ndéantar an teicneolaíocht a iniúchadh agus a úsáid go ciallmhar le leas na sochaí agus cosaintí dóthanacha i bhfeidhm uirthi de réir mar is gá.

I mí an Mheithimh, reáchtálfar toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus molaim do chách úsáid a bhaint as a vóta. Tá an daonlathas gníomhach rithábhachtach le go bhfanfaidh an Eoraip láidir agus le go mbeidh sí fós ina cuid de shaol na ndaoine.


Mar Choimisinéir Eorpach as Éirinn, bhí an-áthas orm páirt a ghlacadh i roinnt imeachtaí de chuid na hIonadaíochta i 2023, ag bualadh dom le daoine ar fud fad na hÉireann agus ag éisteacht leo faoin tionchar a bhíonn ag an Aontas ar shaol na saoránach. Tá an fhor-rochtain sin rithábhachtach don Aontas agus táim ag tnúth le leanúint leis an rannpháirtíocht phoiblí sin in 2024.



Chun Lá na hEorpa 2023 a chomóradh i mí na Bealtaine, thug an Coimisinéir McGuinness cuairt ar Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Aston Village i nDroichead Átha, áit ar bronnadh portráid di féin uirthi.



An Coimisinéir McGuinness agus an tAire Caiteachais Phoiblí Paschal Donohoe ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair.



An Coimisinéir McGuinness agus Ambasadóir na hÚcráine chun na hÉireann Larissa Gerasko ag oscailt an taispeántais 'Isteach san Eoraip: Éire agus an AE 1973-2023' i dTeach Laighean an 10 Bealtaine.

CEOLCHOIRM LÁ NA hEORPA AG AN gCEOLÁRAS NÁISIÚNTA



Ar Lá na hEorpa, 9 Bealtaine, d'óstáil an Tánaiste Micheál Martin, in éineacht leis an Ionadaíocht agus le hOifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa in Éirinn, ceolchoirm cheiliúrtha ag an gCeoláras Náisiúnta chun 50 bliain de bhallaíocht na hÉireann san Aontas Eorpach a chomóradh. Rinne an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta Áiríodh léiriú speisialta den Naou Siansa de chuid Beethoven le tionlacan ó 'Chóir AE50'.

ÓRÁID 2023 AR STAID AN AONTAIS EORPAIGH

Buaicphointe bhliain pholaitiúil an Aontais is ea é an t-aitheasc a thugann Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen do Pharlaimint na hEorpa ar Staid an Aontais Eorpaigh i mí Mheán Fómhair.

An 13 Meán Fómhair, d'óstáil an Ionadaíocht plé painéil hibrídeach le príomhthéamaí na hóráide a mheas.



I measc na gcainteoirí bhí an Seanadóir Lisa Chambers; Catherine Day, iar-Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh; agus Dan O'Brien, Príomh-Eacnamaí IIEA. Ba é an tOllamh John O'Brennan ó Ollscoil Mhá Nuad a rinne modhnóireacht ar an bplé.

AN COMÓRTAS NÁISIÚNTA TREABHDÓIREACHTA

Ghlac an Ionadaíocht páirt sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráithín an Uisce, Co. Laoise, arís in 2023. Thug an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue agus roinnt Feisirí Eorpacha Éireannacha cuairt ar phuball an Aontais.

Bhí an Coimisinéir Mairead McGuinness agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Paschal Donohoe, i bpáirt linn agus an tionscadal mórthaibhseach AI2Peat chun tailte móna na hÉireann a chosaint á lainseáil – agus le haghaidh píosa craice!



BRÉAG-CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH DÍOSPÓIREACHT DO MHEÁNSCOILEANNA

Comórtas díospóireachta is ea Bréag-Chomhairle an Aontais Eorpaigh a eagraíonn an Ionadaíocht gach bliain do mheánscoileanna. Reáchtáiltear an díospóireacht ar nós cruinniú de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Bhí imeacht 2023 ar siúl i Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath an 21 Márta, agus ba é an fuinneamh glas an téama.

Ba iad Shauna Walsh agus Maeve Murtagh ó Scoil Muire agus Pádraig i Maigh Eo a thug an chéad áit leo agus iad ag déanamh ionadaíochta ar an bPolainn, agus chuaigh siad ar thuras chuig Parlaimint na hEorpa in Strasbourg.

Buaiteoirí Bhréag-Chomhairle 2023 in éineacht leis an bhFeisire Eorpach Maria Walsh agus le Barbara Nolan



An Comhaontú Glas don Eoraip á phlé faoi chruinneachán Halla na Cathrach i mBaile Átha Cliath



TIONSCNAIMH AGUS IMEACHTAÍ FOR-ROCHTANA

LÁ NA mBAN

Roimh Lá Idirnáisiúnta na mBan, bhí an Ionadaíocht ina hóstach ar phlé painéil maidir leis an gcaoi ar chuir an tAontas an chomhionannas inscne chun cinn in Éirinn, plé inar scrúdaíodh moltaí Thionól na Saoránach um Chomhionannas Inscne, le Roderic O’Gorman TD, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; Ivana Bacik TD, ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre agus Cathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Chomhionannas Inscne; agus an Dr Catherine Day, Cathaoirleach Thionól na Saoránach um Chomhionannas Inscne agus iar-Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh.

1 MÁRTA



FILÍOCHT AR AN DART

Bhí an Coimisinéir McGuinness agus an Feisire Eorpach Frances Fitzgerald i dteannta Barbara Nolan chun an tionscnamh ‘Poetry in Motion’ a chur chun cinn, tionscnamh arb aidhm dó éagsúlacht shuibhir fhilíocht na hEorpa a thabhairt isteach i saol na gcomaitéirí i mBaile Átha Cliath.

21 AIBRÉN

DLÍ AE INA 70Ú BLIAIN

D’óstáil an Ionadaíocht imeacht chun an 70ú bliain de Dhlí AE a chomórath le Daniel Calleja Crespo, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Dlí an Choimisiúin Eorpaigh; Karen Banks, iar-Leas-Ardstiúrthóir Sheirbhís Dlí an Choimisiúin; an tOllamh Gavin Barrett ó Scoil Dlí Sutherland COBÁC; agus an tArd-Aighne, Rossa Fanning SC.

25 BEALTAINNE



BLIAIN EORPACH NA SCILEANNA

Chuir an Ionadaíocht fáilte roimh Simon Harris TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chuig Áras na hEorpa le haghaidh imeacht faoi Bhliain Eorpach na Scileanna 2023 i gcomhar leis an ngníomhaireacht AE Eurofound.

22 SAMHAIN

BLIAIN Ó FHOGHA NA RÚISE

Chuaigh an Ionadaíocht i dteannta na mílte in Éirinn chun dlúthpháirtíocht gan staonadh an Aontais le muintir na hÚcráine a chur in iúl ar chothrom bliana chogadh foghach na Rúise ar a dtír.

24 FEABHRA



EUROVISION 2023

Thugamar gliondar agus lúcháir an Chomórtais Amhránaíochta Eoraifís go Baile Átha Cliath a bhfuil le spraoichóisir mionfhríicí Eoraifíse, fara Panti Bliss-Cabrera agus an t-iar-bhuaiteoir Eoraifíse, Niamh Kavanagh.

10 BEALTAINNE

AG DUL I nGLEIC LE BRÉAGAINÉIS NA RÚISE

Bhí an-áthas ar an Ionadaíocht dul i bpáirt le hambasáid na Stát Aontaithe agus na hÚcráine chun an chaoi a dtéann bolscaireacht agus bréagaisnéis na Rúise i bhfeidhm ar ár sochaithe a phlé, mar aon le dea-chleachtas chun dul i ngleic le bréagaisnéis na Rúise.

14 SAMHAIN



PODCAST AESO

D’óstáil an Ionadaíocht, i gcomhar le Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn, plé leis an gCoimisinéir McGuinness agus le Brigid Laffan, Ollamh Emeritus san Institiúid Ollscoile Eorpach, faoi 50 bliain de bhallraíocht na hÉireann san Aontas.

20 AIBRÉN



CUAIRTEANNA NA gCOIMISINÉIRÍ



I mí Eanáir 2023, sheol an Coimisinéir McGuinness agus an tAire Gnóthaí Eorpacha, Peter Burke TD, stampa postais nua chun 50 bliain ó aontachas na hÉireann leis na Comhphobail Eorpacha a chomóradh.



Thug an Coimisinéir McGuinness cuairt ar roinnt bunscoileanna a ghlacann páirt i gClár na Réalta Goirme, ina múintear do dhaltaí bunscoile faoi chultúir na hEorpa agus faoin AE.



Le linn ceann dá cuairteanna ar Éirinn, d'fhreastail an Coimisinéir McGuinness ar lá oscailte na Stiúrtóireachta um Iniúchtaí agus Anailísíú Sláinte agus Bia in oifigi na hArd-Stiúrtóireachta Sláinte agus Sábháilteachta Bia ar an nGráinseach, Co. na Mí.

Sharing Peace, Sharing Futures
Síochán Roinnt, Toidhche Roinnt

Agus cothrom 25 bliana Chomhaontú Aoine an Chéasta á cheiliúradh, tháinig an Coimisinéir AE Mairead McGuinness, an Tánaiste Micheál Martin, an Taoiseach Leo Varadkar, Rúnaí Thuaisceart Éireann na Ríochta Aontaithe Chris Heaton-Harris, agus Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Maroš Šefčovič le chéile ar stáitse Amharclann na Mainistreach. i mBaile Átha Cliath.



Cuireadh tús leis an gclár nua PEACEPLUS in 2023 a bhí leis an gcomhar dlúth idir an Coimisiún Eorpach agus rialtais na hÉireann agus an RA. Beidh infheistíocht de thart ar €1.14 billiún mar thoradh air chun athmhuintearas agus tuilleadh rathúnais a chothú ar fud Thuaisceart Éireann agus chontaetha teorann na hÉireann.

Ba dhiol mór spéise i cuairt an Choimisinéara um an gComhshaol Virginijus Sinkevičius ar Éirinn i mí na Samhna 2023, agus cainteanna aige leis an Taoiseach Leo Varadkar agus leis an Aire Talmhaíochta Charlie McConalogue faoi cháilíocht an uisce in Éirinn a fheabhsú agus faoi thodhchaí mhaolú na hÉireann ar Threoir an AE maidir le Niotráit.



CUAIRTEANNA STAIDÉIR AR AN mBRUISÉIL



Cruinniú an Choimisinéara McGuinness le múinteoirí scoile a bhí ar cuairt chuig an mBrúiséal i mí Iúil 2023

D'eagraigh an Ionadaíocht 6 chuairt staidéir ar an mBrúiséal i 2023. Bhí an deis ag iriseoirí, múinteoirí, eacnamaíthe, ceardchumannaithe agus gníomhaithe comhshaoil ó Éirinn taisteal go croílár na hEorpa agus foghlaim ar an láthair conas a oibríonn institiúidí an AE.

Bhuail siad leis an gCoimisinéir Mairead McGuinness agus le Feisirí Eorpacha ó Éirinn agus phléigh siad ceisteanna na huairle le saineolaithe ón gCoimisiún Eorpach.

'Taisteal mall' a rinne roinnt ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtais comhshaoil go dtí an Bhruiséal agus ar ais, bád farantóireachta agus dhá thraein á dtógáil acu in ionad eitilt amháin, rud a chruthaíonn gur rogha indéanta é an taisteal inbhuanaithe fiú le haghaidh turais gearra ó Éirinn go dtí an mhór-roinn.



Ionadaithe ceardchumann ar cuairt go dtí an Bhruiséal in Samhain 2023.

CUAIRTEANNA GRÚPA AR ÁRAS NA hEORPA IN 2023

In 2023, bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh 17 ngrúpa a thug cuairt ar an Ionadaíocht agus a ghlac páirt inár seisiúin faisnéise faoin Aontas Eorpach.

Cuairt 90 nóiméad a bhíonn i gceist de ghnáth, le cur i láthair faoin AE, gearrscannán faoi Éirinn agus an AE, seisiún ceisteanna agus freagraí, agus, dár gcuairteoirí óga, tráth na gceist faoin AE.

Ar na grúpaí a thug cuairt orainn in 2023 bhí daltaí bunscoile 10 mbliana d'aois, foghlaimoirí fásta ag leibhéal iar-Ardteistiméireachta, agus mic léinn céime agus máistreachta.

Bhuaileamar le mic léinn ó gach cearn d'Éirinn, idir Bhaile Átha Cliath, an Mhí, an Cabhán, Ghaillimh, Chill Dara agus Tiobraid Árann. Chuireamar fáilte freisin roimh chuariteoirí ón Iodáil, ón Danmhairg, ón tSualainn, ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón Iorua.



Mic léinn Iodálacha ó TGS Eurogroup i mí Iúil 2023

PREASOIFIG NA HIONADAÍOCHTA

Eagraíonn an Phreasoifig clúdach sna meáin do Choimisinéirí Eorpacha atá ar cuairt agus cuireann sí preasráitis agus ábhar faisnéise ar fáil d'iriseoirí. Eagraíonn sí ceardlanna agus cuairteanna staidéir ar an mBrúiséal d'iriseoirí freisin. Chun na forbairtí is déanaí a leanúint, féach suíomh gréasáin na hionadaíochta agus ár n-ardáin ar na meáin sóisialta. **Scan an cód QR seo le liostáil le nuachtlitr na hionadaíochta agus achoimre sheachtainiúil de nuacht agus imeachtaí AE a fháil:**



Do you want your students to know more about the European Union?

The European Commission Representation in Ireland offers a range of activities and resources for secondary schools.

School visits
School groups are welcome to visit us at the Representation to learn about the European Union. A special visit for the Science and Geography departments, on educational visits, is available. Please contact us to book your visit.

Learning corner
The European Commission's Representation in Ireland offers a range of activities and resources for secondary schools. Digital resources in the EU Learning corner include: EU flags, EU symbols, EU factsheets, EU video resources, EU audio resources, EU infographics, EU posters, EU worksheets, EU quizzes, EU games, EU puzzles, EU mazes, EU word searches, EU crosswords, EU anagrams, EU word jumbles, EU word searches, EU crosswords, EU anagrams, EU word jumbles.

Sustained growth can only be achieved with sound fiscal rules

Increasingly visible. Credit ratings agencies have downgraded Ireland's credit rating, signalling a loss of confidence in the country's ability to service its debt. This is a result of the government's failure to meet its fiscal targets and the Commission's insistence on sound fiscal rules.

Targets and require the same pace of fiscal adjustment for all. The Commission's insistence on sound fiscal rules is a result of the government's failure to meet its fiscal targets and the Commission's insistence on sound fiscal rules.

Consistently delivered budget deficits have led to a loss of confidence in the country's ability to service its debt. This is a result of the government's failure to meet its fiscal targets and the Commission's insistence on sound fiscal rules.

PREPARATION FOR CLIMATE CHANGE COSTS MONEY BUT SAVES LIVES AND LIVELIHOODS

Global extreme weather events are becoming more common and Ireland is beginning to experience severe floods, heatwaves and droughts - but all is not lost, writes **Frans Timmermans**

Frans Timmermans, Executive Vice President, European Commission, and Commissioner for Climate Action Policy

As a subscriber you are reading this **Premium** article

Home (<https://www.independent.ie>) / Business (<https://www.independent.ie/business>) / Irish Business (<https://www.independent.ie/business/irish>)

Europe Day 2023 - 50 years together

Mairéad McGuinness, European Commissioner for Fiscal Services, Financial Stability and Capital Markets Union speaks about the bonds that bind Ireland and the European Union

Celebrating Europe's achievements and unity

Minister for Public Expenditure, National Development Plan, Delivery and Reform, Paschal Donohoe TD shares a message in celebration of Europe Day 2023

Top EU official says Brussels can help tackle Ireland's housing crisis

Director for structural reform says the bloc would be willing to 'intervene'

Home (<https://www.independent.ie>) / Irish News (<https://www.independent.ie/irish-news>)

EU needs to expand and that will mean wins and losses for us

Taking a country at war into the European Union might once have seemed an impossibility. But the prospect of embattled Ukraine, fighting off Russian invaders, being given full membership is looking increasingly possible. Four months after the full-scale invasion in February last year, EU leaders gave Ukraine a special candidate status - an unusually rapid decision, changing the bloc's traditional go-slow approach to expansion.

European Commission president Ursula von der Leyen yesterday delivered her State of the Union address to MEPs, who are gearing up for EU-wide elections next June. She set a definitive course to take in a new members, a move that will pose challenges to Ireland and other smaller member states.

It is hard at times to agree important co-operation initiatives, with the slowest moving states dictating the pace. Extending member numbers will compound this. A knowledge bias. Ms von der Leyen yesterday unveiled a major series of policy views to ensure an enlarged EU can still function properly.

Countries in the western Balkans, along with Ukraine and Moldova, are among those in line to be asked to join the EU.

The bill was readable. I believe that you are likely to have a successful outcome.

Von der Leyen urges consensus on climate

European Commission president thanks farmers in final state of the Union speech

Address offers hope to Ukraine and Moldova in future bids to join EU

Ursula von der Leyen, President of the European Commission, addressed the European Parliament on the State of the Union on September 12, 2023. She urged consensus on climate action and thanked farmers for their contribution to the EU's food security.

Watershed speech triggers European election season and hits emotional note of solidarity with Ukraine

Ursula von der Leyen, President of the European Commission, addressed the European Parliament on the State of the Union on September 12, 2023. Her speech highlighted the challenges facing the EU and the need for solidarity with Ukraine.

Irish Examiner

Special Offer - €10 for 6 weeks. Subscribe now!

Comment: Von der Leyen's job application

The EU Commission president's address to the European Parliament on the State of the Union was a watershed moment in the history of the EU. It was a speech that hit an emotional note of solidarity with Ukraine and called for a new era of European unity.

Ursula von der Leyen's address to the European Parliament on the State of the Union was a watershed moment in the history of the EU. It was a speech that hit an emotional note of solidarity with Ukraine and called for a new era of European unity.

Truck drivers in greater demand than rocket scientists due to staff shortage, says EU representative

Home (<https://www.independent.ie>) / Irish News (<https://www.independent.ie/irish-news>)

WHAT'S ON OFFER AT THE EUROPEAN UNION STAND?

What is the EU doing for Agriculture and Rural Communities?

Visit our stand at the Ploughing and find out!

Block 2, Row 19, Stand 312

#EUPloughing

Irish Examiner

"It is time for Europe to once again think big and write our own destiny!"

Tackling climate change and the risks of AI is among the tasks at the top of the European Commission's agenda

Ursula von der Leyen

EU BOFFIN: 'ROBOTS' WILL BE MORE LIKE VULCAN THAN ARNIE

AI'll be Spock!

Our Big Year

Ursula von der Leyen, President of the European Commission, addressed the European Parliament on the State of the Union on September 12, 2023. She compared AI to Star Trek characters, saying it would be more like Vulcan than Arnie.

Irish Examiner

Von der Leyen: EU must prepare for growth

Changes to the EU's growth strategy are being discussed in Brussels. Ursula von der Leyen, President of the European Commission, addressed the European Parliament on the State of the Union on September 12, 2023. She called for the EU to prepare for growth.

Irish more worried by housing and immigration than EU peers

Eurobarometer survey finds cost of living also high on agenda

When asked about the biggest issues facing the EU, Irish people put housing and immigration at the top of their list. The Eurobarometer survey also found that the cost of living is a major concern for Irish citizens.

Irish Examiner

Do EU know what really happens in Brussels?

Changes to the EU's growth strategy are being discussed in Brussels. Ursula von der Leyen, President of the European Commission, addressed the European Parliament on the State of the Union on September 12, 2023. She called for the EU to prepare for growth.

IONAID EUROPE DIRECT

Tá ocht n-ionad Europe Direct ar oscailt in Éirinn feasta agus faisnéis, foilseacháin agus ábhar a gcur ar fáil acu do gach aoisghrúpa chomh maith le ceisteanna faoin AE a fhreagairt. Buail isteach chuig d'ionad áitiúil agus cuir aithne ar d'Aontas.

Sa bhliain 2023 rinne bainisteoirí Europe Direct na hÉireann turas go Málta chun dea-chleachtais a mhalartú lena gcomhghleacaithe ansiúd maidir le heolas ar an AE a thabhairt do shaoránaigh na náisiún oileánda.

Map locations: LITIR CEANAINN, SLIGEACH, CLUAIN EOIS, BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE, BAILE ÁTHA CLIAITH, PORT LAOISÉ, LUIMNIGH, PHORT LAIRGE.

NA MEÁIN SHÓISIALTA I LÁR AN AONAIGH



534

FHOILSEACHÁN

(idir phostálacha, ríleanna, fhíseáin & scéalta)

ROGHA AN PHOBAIL

Óráid Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ag searmanas comórtha 25 bliana de Chomhaontú Aoine an Chéasta (**369** 'is maith liom')

Ár bhfíseán ar Lá na hEorpa (feicthe ag **2,577** gcuntas)



750

FHOILSEACHÁN

(idir phostálacha, fhíseáin & scéalta)

ROGHA AN PHOBAIL

Grianghraif de príomhchathracha an AE ón spás (feicthe ag **25,926** gcuntas, **388** bhfreagairt, **7** dtrácht, **58** roinnt)

Lá na hEorpa i 24 theanga (feicthe ag **14,252** cuntas, **291** fhreagairt, **52** thrácht, **63** roinnt)



BREIS AGUS

620 postáil

1.17m taispeáint




SUÍOMH GRÉASÁIN NA HIONADAÍOCHTA

COINNIGH SUAS LENÁR SUÍOMH GRÉASÁIN

www.euireland.ie

Má theastaíonn faisnéis uait faoi na himeachtaí is déanaí atá á n-eagrú againn, nó faoi reachtaíocht an AE, tograí an Choimisiúin, preasráitis, deiseanna tairisceana nó comórtais earcaíochta, níl i gceist ach cliceáil. Cláraigh dár nuachtlitir "EU News You Can Use" agus seolfar nuacht ón AE is díol spéise in Éirinn go díreach chuig do bhosca isteach gach seachtain.



Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn